Tabhraidh chugam cruit mo ríogh

[Walsh, Paul: *Gleanings from Irish Manuscripts*, sec. ed., Dublin, 1933, 113-5]

Giolla Brighde Albanach

1 Tabhraidh chugam cruit mo ríogh
go dtréighinn uirre mh'imshníomh
a bhrón dá bhoing do dhuine
re glór an chroinn chumhruidhe.

2 An té gá raibhe an crann ciúil
giolla saor go seinm dtaidhiúir
mór bhfáth-rann do ghabh go grinn
ris an mbláth-chrann nglan nguith-bhinn.

3 Mór séad áluinn do fhodhail
ar cúl an chroinn tslabhrodhaigh
minic do bhronn cradh ó gCoinn
's a chorr ghlan ré a ghualoinn.

4 Ionmhain an bhas do bheanadh
an clár tana taoibh-leabhar
gille seang-nárach gá seinm
go deagh-lámhach go ndeigh-dheilbh.

5 An tan do tháidhleadh a lámh
an ádhbhuidh chiúil go comhlán
a hosnadh leabhar mín mór
do bheanadh dhín ar ndobrón.

6 An uair do thigeadh as-deach
fine Chais na gcúl ndruimneach
cruit go dtéadaibh truagha as-digh
ag géagaibh cuanna Caisil.

7 Tugsad aithne ar an inghin
tresan mBanbha mboig-imligh
cruit Donnchadha ar gach duine
an comhthana cumhruidhe.

8 Cruit Í Bhriain binn a horgáin
ré hucht bhfleidhe bhfionn-Ghabhráin
do bheanadh stuagh Ghabhráin ghlain
argáin truagh as na téadaibh.

9 Ní bhfuighe mac Gaoidhil ghil
cruit Í Bhriain an bhairr dhruimnigh
mac allmharaigh ní fhaghaibh
an slabhradhaigh síodhamhail.

10 Mairg do smuain cur réd chuingidh
a chruit flatha fionn-Luimnigh
nó do smuain cor réd cheannach
ar chrodh uain a Éireannach.

11 Binn liom do ghuth milis mín
a bhean do bhí ag aird-rígh
do ghuth mear is milis liom
a bhean a hinis Éirionn.

12 Dá léighthí dhamh san tír thoir
saoghal na slaite iubhoir
aoghaire bán-Chnuic Bréanuinn
a lámh-chruit do leiséaghuinn.

13 Ionmhoin lem-sa duthchas damh
fiodhbhuidhe áille Alban
giodh ionmhain as annsa leam
an crann-sa d’fhiodhbhaidh Eireann.